**COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT**
**SCRÚDUITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2025**

# FOIRM IARRATAIS AR CHEAPACHÁN MAR SCRÚDAITHEOIR EACNAMAÍOCHT BHAILE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA (SÓISIALTA AGUS EOLAÍOCH) – STAIDÉAR BIA PRAITICIÚIL – DIALANN OBAIR CHÚRSA DHIGITEACH

***N.B. LÉIGH NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS SEO SULA gCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM SEO***

1. **Uimhir P.S.P.** **Faoi láthair** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐ **Roimhe seo, má bhí ceann agat** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Ainm (Bloclitreacha) ______________________________

Seoladh ______________________________

An baile mór is cóngaraí ____________ Fad (ó d'áit chónaithe go dtí an baile is cóngaraí) ____________

Dáta Breithe ____________ Teileafón (Baile) ____________ Fón Póca ____________

Ríomhphoist: ______________________________

**Uimhir na Comhairle Múinteoireachta** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐ **Dáta Athnuachana** ____________

**D'ainm iomlán mar atá sé ar Chlár na Múinteoirí ag an gComhairle Mhúinteoireachta, má tá sé éagsúil:**

D'ainm iomlán: ______________________________ **Cuir tic anseo mura bhfuil tú cláraithe:** ☐

Is féidir go ndeimhneofar na sonraí clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

2. An bhfuil tú ábalta agus **sásta** obair scrúdúcháin a dhéanamh trí Ghaeilge, má iarrtar sin ort? Tá ☐ Níl ☐

3. Ainm agus seoladh na scoile ina bhfuil tú ag múineadh faoi láthair.

______________________________

______________________________ Uimhir Rolla na Scoile____________

Stádas faoi láthair (Lánaimseartha, Páirtaimseartha, Ionadaí, Dífhostaithe) ____________ An Dáta ar thosaigh tú ____________

4. Ar ceapadh cheana thú mar Scrúdaitheoir sna réimsí seo den ábhar?

(a) Dialann Obair Chúrsa Ceapadh ☐ Níor ceapadh ☐ Bliain____________

(b) Scrúdú Scríofa Ceapadh ☐ Níor ceapadh ☐ Bliain____________

5. Eolas breise a bhaineann le hábhar d'iarratais ______________________________

______________________________

6. An bhfuil gaol gairid agat le haon duine a bheidh ag déanamh scrúduithe an Teastais Shóisearaigh nó na hArdteistiméireachta in 2025?

Tá ☐ Níl ☐

Má tá, tabhair na sonraí iomlána:

| Ainm Iomlán | Scoil | Dáta Breithe | Scrúdú |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

7. (a) Má tá tú ar scor, luaigh an dáta ar ar scoir tú, le do thoil. ________________________________

(b) Ar scoir tú faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí? Scoir ☐ Níor scoir ☐

Má scoir, cén tsraith faoinar scoir tú? Sraith 1 ☐ Sraith 2 ☐ Sraith 3 ☐

(c) An bhfuil pinsean míchumais á fhail agat ? Tá ☐ Níl ☐

8.

| CÁILÍOCHTAÍ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ollscoil / Coláiste | Céim / Dioplóma | Bliain a Bhronnta | Scrúdú na Céime / an Dioplóma<br>Ábha(i)r | Pas / Onóracha | Scrúdú na Chéad Bhliana<br>Ábhair | Pas / Onóracha |
| | | | | | | |

9. Líon na mblianta de thaithí mhúinteoireachta atá agat (an bhliain reatha san áireamh): ___________ bliain

| TAITHÍ MHÚINTEOIREACHTA | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ó | Go | Lán-aimseartha | Páirt-aimseartha | Ainm agus Seoladh na Scoile / Institiúide |
| | | | | |

| Na hÁbhair atá tú a múineadh faoi láthair | | | | | | | Na hÁbhair a mhúin tú sna blianta roimhe seo | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ábhar | An Bhliain den Chúrsa | Líon na mblianta ag múineadh | | | | | Ábhar | Líon na mblianta ag múineadh | | | | |
| | | An Teastas Shóisearaigh | | | An Ardteist. | | | An Teastas Shóisearaigh | | | An Ardteist. | |
| | | A.L. | G.L. | B.L. | A.L. | G.L. | | A.L. | G.L | B.L. | A.L. | G.L. |
| | 1 | | | | | | | | | | | |
| | 2 | | | | | | | | | | | |
| | 3 | | | | | | | | | | | |

10.

**DEARBHÚ AN IARRATASÓRA**

Dearbhaím go bhfuil na sonraí atá tugtha agam ceart agus, má thagann aon athrú orthu, go gcuirfidh mé sin in iúl do CSS. Aithním go gcoimeádann CSS de cheart aige féin an t-eolas go léir a thugtar ar m'iarratas a dheimhniú, mo chuid cáilíochtaí san áireamh. Má thairgtear mé a cheapadh mar Scrúdaitheoir, agus má ghlacaim leis an gceapachán, comhlíonfaidh mé, ar feadh mo chumais, na rialacha agus na treoracha go léir a eiseoidh CSS mar threoir dom. Tuigim nach ceadmhach dom aon eolas faoi ghnóthachtáil na n-iarrthóirí a thabhairt d'aon duine seachas Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Síniú__________________________________________________________ Dáta _________________________________

11.

**Dearbhú le síniú ag an mBainisteoir/Príomhoide/Príomhfheidhmeannach**

Dearbhaím leis seo go bhfuilim sásta, nuair is gá, an t-iarratasóir a scaoileadh saor ó dhualgais scoile, má cheaptar é/í ina Scrúdaitheoir / Scrúdaitheoir Cúltaca, chun freastal ar Chomhdháil Mharcála Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta (Sóisialta & Eolaíoch) – Staidéar Bia Praiticiúil – Dialann Obair Chúrsa Dhigiteach.

Síniú______________________________________________________________ Dáta _________________________________

*Stampa an Údaráis Scoile nó an Bhoird Oideachais agus Oiliúna*

**MARCÁIL AR LÍNE DE THASC STAIDÉAR BIA NA hEACNAMAÍOCHTA BHAILE**

De réir na treorach a cuireadh ar fáil i gCiorclán S71/23 ar an rolladh amach leantach de chríochnú agus de thaisceadh na hoibre cúrsa digití, tá iarrthóirí Ardteistiméireachta 2025 san Eacnamaíocht Bhaile ag críochnú a dtasc sa staidéar bia faoi láthair agus leabhráin dhigiteacha á n-úsáid acu.

Cuirfear isteach iad chuig an CSS le húsáid Thairseach na Scoileanna as a dtraschuirfear iad chuig an gclár marcála ar líne chun iad a mharcáil.

- Le haghaidh thréimhse na marcála, beidh rochtain uait ar: PC, nó ríomhaire glúine, le méarchlár agus luchóg; nasc idirlín; agus luas leathanbhanda de 2 MB ar a laghad.
- Cuirfear traenáil chuimsitheach ar fáil duit in úsáid na mbogearraí. Thar thréimhse na marcála beidh rochtain agat freisin ar dheasc chabhrach chun cúltaca agus tacaíocht a sholáthar duit.
- Níl aon ghá le hardleibhéal tuisceana ar riomhairí mar is éasca na bogearraí don mharcáil ar líne a úsáid agus oireann siad do gach duine.

**NÓTAÍ MAR EOLAS DO NA hIARRATASÓIRÍ – COINNÍOLLACHA AN CHEAPACHÁIN**

(Is Coinníollacha Ceapacháin iad na Nótaí 2-10.)

1. Is iarratas nua é seo – léigh na nótaí **go léir**, le do thoil, agus comhlánaigh an fhoirm ina hiomláine.

2. **Glacfar le ceapachán don phost mar Scrúdaitheoir le haghaidh Dialanna Oibre Cúrsa na hArdteistiméireachta san Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) mar chonradh i gcomhair Seirbhíse.**
   Éileofar ar scrúdaitheoirí freastal ar chomhdháil mharcála dhá lá a bheidh ar siúl i Baile Átha Luain 28 Samhain 2024 agus Ar Líne 30 Samhain 2024.
   Beidh an dáta críochnúcháin chun an Dialann a mharcáil don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia ar Eanáir 2025.

3. Má cheaptar duine mar Scrúdaitheoir in aon bhliain ar leith, ní thugann sé sin aon chearta dó/di ar a c(h)eapadh sna blianta ina dhiaidh sin.

4. Íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe le Scrúdaitheoir de réir na rialachán sa Roinn Airgeadais. Íocfar na costais ar fad leis na Gníomhairí ar Conradh gafa le scrúduithe 2025 de réir rátaí foilsithe na Seirbhíse Poiblí agus ní bheidh siad faoi réir aon asbhaintí. Ba chóir d'iarratasóirí tabhairt faoi deara go bhfuil rátaí cothabhála seirbhíse poiblí agus faid slí cháilithe tar éis athrú le héifeacht ó 1 Aibreán 2017. Tuilleadh eolais ar fail ón Roinn *Eolas le haghaidh Gníomhairí ar Conradh* www.examinations.ie

5. De réir téarmaí Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí cuirfidh an CSS na méaduithe ábhartha i bhfeidhm ar íocaíocht na nGníomhairí ar Conradh i 2025.

6. Is trí chóras leictreonach aistrithe airgid (i.e. Paypath) a dhéanfar na híocaíochtaí go léir a ghabhann leis an gceapachán seo. Baileoimid sonraí do bhainc níos faide anonn. Ní féidir aon socrú a dhéanamh le híocaíocht a dhéanamh ar aon bhealach seachas isteach i gcuntas bainc. Ar an ábhar sin, is coinníoll fostaíochta é glacadh le híocaíochtaí i gcuntas bainc.

7. Má theipeann ort cloí go hiomlán le treoracha CSS nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann slándáil nó slánchúis na scrúduithe i mbaol nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann gnóthachtáil na n-iarrthóirí i mbaol, beidh tú do do chur féin ar shlí do bhriste agus is féidir go ndiúltófar tú a cheapadh arís sa todhchaí. Má bhristear as do phost thú ní bheidh aon éileamh agat in aghaidh CSS ar íocaíocht ná ar speansais.

8. Ba chóir d'iarratasóirí tabhairt faoi deara do ndéanfaidh an CSS gach iarratas a chíoradh go cothrom agus go neamhchlaon. Dícháileofar aon iarratasóir a thugann eolas mícheart. Dícháileofar an t-iarratas má bhíonn canbhasáil ar siúl.

9. **Ní bheidh** na daoine seo a leanas i dteideal a gceaptha ná i dteideal dualgais scrúdúcháin a ghlacadh orthu féin:

   (a) Múinteoirí a scoir go luath faoi Shraith 1 den Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí.
   (b) Múinteoirí a bheidh ar Shaoire Mháithreachais Reachtúil le híocaíocht le linn thréimhse na gComhdhálacha nó le linn thréimhse an scrúdúcháin.
   (c) Múinteoirí atá ar saoire bhreoiteachta le híocaíocht nó gan íocaíocht.
   (d) Múinteoirí atá ar Fionraí / Saoire Riaracháin.
   (e) Múinteoirí a bhfuil pinsean míchumais á fháil acu.*

   *Breithneofar iarratais ó mhúinteoirí a bhfuil pinsean míchumais á fháil acu ach iad foirm thuairisc liachta, agus í comhlánaithe, a chur ar fáil don Choimisiún. Tá an fhoirm sin ar fáil ach í a iarraidh ar (090) 644 2862/2826 nó ar www.examinations.ie sa rannóg 'Earcaíocht'.

10. Má tharlaíonn, tar éis duit glacadh go foirmiúil le ceapachán, nach mbeidh tú ar fáil, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh ar an nguthán láithreach le CSS agus an t-eolas céanna a chur in iúl i scríbhinn, i litir, ar an bhfacs nó sa ríomhphost. Má tharlaíonn, ar an gcaoi chéanna, tar éis duit iarratas a chur isteach nó tar éis dearbhú go nglacann tú le ceapachán, go dtagann aon athrú ar do stádas a fhágann nach bhfuil tú i dteideal do cheaptha mar scrúdaitheoir a thuilleadh (féach Nóta 9), ní mór sin a chur in iúl láithreach do CSS.

11. Ba chóir an t-iarratas a sheoladh chuig 'Rannóg na dTrialacha Praiticiúla, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmh, N37 TP65". Ní mór an t-iarratas a bheith sa Choimisiún tráth nach déanaí ná **11 Deireadh Fómhair 2024**. Is féidir iarratais ríomhphoist a sheoladh chuig practicals@examinations.ie. Aon duine a éilíonn gur cailleadh iarratas nó gur cuireadh moill air sa phost, ní mór dó/di Teastas Postála a bheith aige/aici ag tacú leis an éileamh. Ní mór an postas a íoc ar gach iarratas.

12. Tá leagan Gaeilge den Fhoirm Iarratais agus de na nótaí seo ar fáil ach iad a iarraidh.

13. **Cosaint Sonraí**
    Aonad rialaithe sonraí cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí atá sa CSS. Déanfar na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil san iarratas seo a phróiseáil de réir forálacha an Achta um Chosaint Sonraí.

    Déanfaidh an CSS na sonraí seo a phróiseáil chun d iarratas a riar do phost mar ghníomhaire ar conradh leis an CSS. Má cheaptar sa ról thú déanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil i riarachán do chonartha leis an CSS. Áirítear ann riarachán maidir le do ról sannta agus dualgais i leith na scrúduithe stáit [seo a leanas san áireamh , mar is cuí, ag déanamh socruithe le haghaidh; forbairt ionstraim tástála, eagrú agus seachadadh na scrúduithe; marcáil na hoibre a chuireann na hiarratasóirí i láthair srl.] Bainfear feidhm as na sonraí seo freisin chun íocaíocht a dhéanamh duit maidir le do chonradh. Chomh maith leis sin coimeádfar do shonraí agus tig linn na sonraí sin a úsáid ó am go chéile chun dul i dteagmháil leat agus tú a chur ar an eolas maidir le deiseanna earcaíochta leis an CSS. Is féidir sonraí faoin bhFogra um Chosaint Sonraí an CSS a aimsiú ar ár suíomh gréasáin https://www.examinations.ie/data-protection/